Luaigh Airgead, Déan Mata

Oideachas Airgeadais trí mhatamaitic

Paca Tacaíochta Múinteora

Réitigh

Clár

Luaigh Fóin Phóca, Déan Mata 2
Luaigh Turais Scoile, Déan Mata 8
Luaigh Bainc, Déan Mata 18
Luaigh Ríomhairí, Déan Mata 27

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Fóin Phóca, Déan Mata – Dath Cré-umha 1

Ceist 1

Úsáideann Seán agus Micheál líonra an Phiorra dá bhfóin phóca. Tá dearbhán £10 an duine acu ar a bhfón. Tá an t-am buaicráta idir 8 a.m. agus 6 p.m.

Seán	**Costas**	**Iomlán**
30 téacs	10p an téacs	**£3.00**
40 nóiméad ag am seachbhuaice	5p an nóiméad	**£2.00**
10 nóiméad ag am buaicráta	20p an nóiméad	**£2.00**
	Iomlán	**£7.00**
	Iarmhéid	**£3.00**

Micheál	**Costas**	**Iomlán**
18 téacs	10p an téacs	**£1.00**
10 nóiméad ag am seachbhuaice	5p an nóiméad	**£0.50**
20 nóiméad ag am buaicráta	20p an nóiméad	**£4.00**
	Iomlán	**£6.30**
	Iarmhéid	**£3.70**

(a) Cén duine a bhfuil an méid is mó airgid fágtha aige? **Micheál**

(b) Cá mhéad téacs a chuir Micheál? **18**

(c) Cén duine acu a chaith an méid is mó airgid ar ghlaonna am buaicráta? **Micheál**

(d) Cén duine acu a chaith an méid is mó airgid ar ghlaonna am seachbhuaice? **Seán**

(e) Cá mhéad a chaith Seán de bhreis ar Mhicheál? **70p**

(f) Cá mhéad is daoire an buaicráta ná ráta am seachbhuaite? **15p in aghaidh an nóiméid**

(g) Rinne Seán glaoch dhá nóiméad ar 3 p.m. Cén costas a bhí air seo? **2 x 20p = 40p**

(h) Rinne Seán glaoch dhá nóiméad ar 10 p.m. Cén costas a bhí air seo? **2 x 5p = 10p**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Fóin Phóca, Déan Mata – Dath Airgid 1

Ceist 1

Úsáideann Sinéad agus Muireann líonra na hAibreoige dá bhfóin phóca. Tá dearbhán £15 an duine acu ar a bhfón. Tá an t-am buaicráta idir 8 a.m. agus 6 p.m.

Sinéad	**Costas**	**Iomlán**
25 téacs	4p an téacs	**£1.00**
40 nóiméad ag am seachbhuaice	6p an nóiméad	**£2.40**
35 nóiméad ag am buaicráta	20p an nóiméad	**£7.00**
	Iomlán	**£10.40**
	Iarmhéid	**£4.60**

Muireann	**Costas**	**Iomlán**
20 téacs	4p an téacs	**£0.80**
50 nóiméad ag am seachbhuaice	6p an nóiméad	**£3.00**
15 nóiméad ag am buaicráta	20p an nóiméad	**£3.00**
	Iomlán	**£6.80**
	Iarmhéid	**£8.20**

(a) Cén duine a bhfuil an méid is mó airgid fágtha aici? **Muireann**

(b) Cá mhéad téacs a chuir Muireann? **20**

(c) Cén duine acu a chaith an méid is mó airgid ar ghlaonna am buaicráta? **Sinéad**

(d) Cén duine acu a chaith an méid is mó airgid ar ghlaonna am seachbhuaice? **Muireann**

(e) Cá mhéad a chaith Sinéad de bhreis ar Mhuireann? **£3.60**

(f) Cá mhéad is daoire an buaicráta ná an ráta seachbhuaite? **14p**

(g) Rinne Sinéad glaoch cúig nóiméad ar 4 p.m. Cén costas a bhí air seo? **£1**

(h) Rinne Sinéad glaoch cúig nóiméad ar 9 p.m. Cén costas a bhí air seo? **30p**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Fóin Phóca, Déan Mata – Dath Óir 1

Ceist 1

Úsáideann Móirín agus Séamaí líonra S dá bhfóin phóca.Tá dearbhán £15 an duine acu ar a bhfón. Tá an t-am buaicráta idir 8 a.m. agus 6 p.m.

Móirín	**Costas**	**Iomlán**
45 téacs	**3p an téacs**	£1.35
69 nóiméad ag am seachbhuaice	2p an nóiméad	**£1.38**
30 nóiméad ag am buaicráta	18p an nóiméad	**£5.40**
	Iomlán	**£8.13**
	Iarmhéid	**£6.87**

Séamaí	**Costas**	**Iomlán**
55 téacs	**3p an téacs**	£1.65
47 nóiméad ag am seachbhuaice	2p an nóiméad	**£0.94**
60 nóiméad ag am buaicráta	18p an nóiméad	**£10.80**
	Iomlán	**£13.39**
	Iarmhéid	**£1.61**

(a) Cén duine ag a bhfuil an méid is mó airgid fágtha? **Móirín**

(b) Cá mhéad atá ar gach teachtaireacht téacs? **3p**

(c) Cén duine acu a chaith an méid is mó airgid ar ghlaonna am buaicráta? **Séamaí**

(d) Cad é mar is féidir le Séamaí a bhille a ísliú agus an méid céanna ama a chaitheamh ag caint lenachairde? **Trí níos lú glaonna am buaicráta agus níos mó glaonna am seachbhuaice a dhéanamh**

(e) Cá mhéad a chaith Séamaí de bhreis ar Mhóirín? **£5.26**

(f) Rinne Móirín glaoch deich nóiméad ar 6.30 p.m. Cén costas a bhí air seo? **20p**

(g) Rinne Séamaí glaoch 3 nóiméad ar 8.30 p.m. Cén costas a bhí air seo? **54p**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Fóin Phóca, Déan Mata – Dath Cré-umha 2

Ceist 1

Ba mhaith le Síle fón póca nua a cheannach. Ba mhaith léi an luach is fearr ar airgead a fháil. D'fhiosraigh sí an dá líonra seo a leanas.

	Líonra O/3	**Líonra R-Fón**
Téacs	5p an téacs	10p an téacs
Am seachbhuaice	15p an nóiméad	5p an nóiméad
Am buaicráta	20p an nóiméad	30p an nóiméad

(a) Cé acu líonra is saoire le haghaidh teachtaireachtaí téacs? **O/3**

(b) Cé acu líonra is daoire le haghaidh glaonna am seachbhuaice? **O/3**

(c) Cé acu líonra is daoire le haghaidh glaonna am buaicráta? **R-Fón**

Ceist 2

Cuireann Síle **30 teachtaireacht téacs** agus déanann sí **40 nóiméad de ghlaonnaam seachbhuaite** agus **10 nóiméad de ghlaonnaam buaicráta**.

(a) Comhlánaigh na táblaí seo a leanas do gach ceann den dá líonra.

Líonra O/3			
	Líon	**Costas an nóiméad/téacs**	**Costas Iomlán**
Téacs	**30**	**5p**	**£1.50**
Am seachbhuaice	**40**	**15p**	**£6.00**
Am buaicráta	**10**	**20p**	**£2.00**
Iomlán			**£9.50**

Líonra R-Fón			
	Líon	**Costas an nóiméad/téacs**	**Costas Iomlán**
Téacs	**30**	**10p**	**£3.00**
Am seachbhuaice	**40**	**5p**	**£2.00**
Am buaicráta	**10**	**30p**	**£3.00**
Iomlán			**£8.00**

Úsáid na táblaí le cuidiú le Síle na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

(b) Cén líonra is daoire san iomlán? **O/3**

(c) Cá mhéad is daoire, in aghaidh an nóiméid, atá glaoch am buaicráta ar R-Fón i gcomparáid le Líonra O/3? **10p**

(d) Cá mhéad is saoire atá sé teachtaireacht téacs a chur ar Líonra O/3 i gcomparáid le R-Fón? **5p**

(e) Cé acu líonra a mholfá do Shíle? **R-Fón**

(f) Cé acu líonra a d'úsáidfeá féin? **Freagairt an dalta**

(g) An bhfuil aon chásanna ann nuair is fearr O/3 a úsáid? **Freagairt an dalta**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Fóin Phóca, Déan Mata – Dath Airgid 2

Ceist 1

Ba mhaith le Ciara fón póca nua a cheannach. Ba mhaith léi an luach is fearr ar airgead a fháil. D'fhiosraigh sí an dá líonra seo a leanas.

	Líonra P2	**Líonra Q3**
Téacs	1p an téacs	2p an téacs
Am seachbhuaice	8p an nóiméad	5p an nóiméad
Am buaicráta	15p an nóiméad	12p an nóiméad

Cuireann sí **45 teachtaireacht téacs** ar an mheán agus déanann sí **40 nóiméad de ghlaonnaam seachbhuaite** agus **10 nóiméaddeghlaonna am buaicráta**.

(a) Tá ort na táblaí seo a leanas a chomhlánú do gach ceann den dá líonra.

P2			
	Líon	**Costas an nóiméad/téacs**	**Costas Iomlán**
Téacs	45	1p	**£0.45**
Am seachbhuaice	40	8p	**£3.20**
Am buaicráta	10	15p	**£1.50**
Iomlán			**£5.15**

Q3			
	Líon	**Costas an nóiméad/téacs**	**Costas Iomlán**
Téacs	45	2p	**£0.90**
Am seachbhuaice	40	5p	**£2.00**
Am buaicráta	10	12p	**£1.20**
Iomlán			**£4.10**

(b) Cén líonra is daoire san iomlán? **P2**

(c) Cé acu líonra is saoire le haghaidh teachtaireachtaí téacs? **P2**

(d) Cá mhéad is daoire, in aghaidh an nóiméid, atá glaoch am buaicráta ar Líonra P2 i gcomparáidle Líonra Q3? **3p**

(e) Cén fáth ar mhaith le daoine téacsanna a chur? **Tá sé saor agus tá séfurasta é a dhéanamh**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Fóin Phóca, Déan Mata – Dath Óir 2

Ceist 1

Ba mhaith le Léan fón póca nua a cheannach. Ba mhaith léi an luach is fearr ar airgead a fháil. D'fhiosraigh sí an dá líonra seo a leanas.

	Líonra Glas	**Líonra Bándearg**
Téacs	p	p
Am seachbhuaice	12p an nóiméad	8p an nóiméad
Am buaicráta	20p an nóiméad	25p an nóiméad

Cuireann sí **26 teachtaireacht téacs** ar an mheán agus déanann sí **35nóiméad de ghlaonnaam seachbhuaite** agus **15 nóiméaddeghlaonna am buaicráta**.

(a) Tá ort na táblaí seo a leanas a chomhlánú do gach ceann den dá líonra.

Líonra Glas			
	Líon	**Costas an nóiméad/téacs**	**Costas Iomlán**
Téacs	26	**4p**	£1.04
Am seachbhuaice	35	**12p**	**£4.20**
Am buaicráta	15	**20p**	**£3.00**
Iomlán			**£8.24**

Líonra Bandearg			
	Líon	**Costas an nóiméad/téacs**	**Costas Iomlán**
Téacs	26	**7p**	£1.82
Am seachbhuaice	35	**8p**	**£2.80**
Am buaicráta	15	**25p**	**£3.75**
Iomlán			**£8.37**

(b) Cén líonra is daoire san iomlán? **Líonra Bándearg**

(c) Cé chomh furasta atá sé athrú ó líonra amháin go líonra eile? **Freagairt an dalta**

(d) An líonra a bhí in úsáid agat, abair gur dhúbail sé praghas teachtaireacht téacs, an athrófá go líonra eile? **Freagairt an dalta**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Turais Scoile, Déan Mata – Dath Cré-umha 3

Ceist 1

D'fhiosraigh Cáit turas scoile dhá lá dá bliainghrúpa. Tá 100 dalta ina bliainghrúpa. Rinne sí an bharrachairt seo a leanas le costais lóistín, taistil agus gníomhaíochtaí a léiriú.



(a) Cén costas atá ar lóistín? **£4500**

(b) Cén costas atá ar thaisteal? **£1000**

(c) Cén costas atá ar na gníomhaíochtaí? **£1500**

(d) Cad é an costas iomlán do 100 dalta? **£7000**

(e) Cad é an costas in aghaidh an dalta? **£70**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 2

D'fhiosraigh Mairéad turas scoile fosta dá bliainghrúpa ina bhfuil 100 mac léinn. Léirigh sí na torthaí ar phíchairt.

Costais Iomlána



(a) Cén céatadán den chostas iomlán a chaithfear ar lóistín? **50%**

(b) Cén céatadán den chostas iomlán a chaithfear ar thaisteal? **25%**

(c) Cén céatadán den chostas iomlán a chaithfear ar ghníomhaíochtaí? **25%**

Ceist 3

Ba mhaith le Clár dul ar thuras scoile.
Tá £125 ar an turas. D'íoc sí éarlais £35.

(a) Cá mhéad eile atá le híoc aici? £125 – £35 = **£90**

(b) Má tá uirthi íoc as an chuid eile de chostas an turais i sé ghála mhíosúla, ríomh an méid a bheidh le híoc aici gach mí? **£15**

Ceist 4

Ba mhaith le Siobhán dul ar thuras scoile chuig ionad tóireacha allamuigh.Tá £175 ar an turas. D'íoc sí éarlais £25.

(a) Cá mhéad eile atá le híoc aici? £175 – £25 = **£150**

(b) Má tá post páirtaimseartha aici agus más féidir léi £30 a choigilt gach mí, cá mhéad mí a ghlacfaidh sí chun íoc as an turas? **cúig mhí**

(c) Is fearr le daoine áirithe íoc trí ghálaí míosúla.Cad chuige? **Tá sé níos fusa buiséad a dhéanamh dó.Ní bheadh £150 ag daoine áirithe le caitheamh in aon mhí amháin**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 5

Is é £150 bunchostas an duine le haghaidh lóistín agus taistil ar thuras scoile. Anseo thíos tá na costais bhreise atá ar ghníomhaíochtaí.

Gníomhaíocht	Costas
Spóirt uisce	£30
Rothaíocht chuaid	£40
Boghdóireacht	£15

Comhlánaigh an tábla seo a leanas do na teaglamaí éagsúla.

Spóirt uisce	Rothaíocht chuaid	Boghdóireacht	Iomlán
£30	£40		£70
£30		£15	**£45**
	£40	£15	**£55**

Cén dá ghníomhaíocht a roghnófá le go mbeadh an costas faoi bhun £200?

Boghdóireacht agus spóirt uisce

Ceist 6

Rinne do mhúinteoir amach gurb é £100 an bunchostas a bheidh ar lóistín agus ar thaisteal don turas scoile. Anseo thíos tá na costais bhreise a bheidh ar ghníomhaíochtaí.

Gníomhaíocht	Costas
Leadóg	£15
Turas go dtí páirc shiamsaíochta théama	£25
Snámh	£10
Scátáil oighir	£20

Comhlánaigh an tábla seo a leanas do na teaglamaí éagsúla lena fháil amach cad iad na trí ghníomhaíocht a choinneoidh an costas faoi bhun £150?

Leadóg	Turas go dtí páirc shiamsaíochtathéama	Snámh	Scátáil oighir	Iomlán
£15	£25	£10		£50
	£25	**£10**	**£20**	**£55**
£15	**£25**		**£20**	**£60**
£15		**£10**	**£20**	**£45**

Leadóg, snámh agusscátáil oighir.

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Turais Scoile, Déan Mata – Dath Airgid 3

Ceist 1

D'fhiosraigh Liam cuairt scoile dá bhliainghrúpa.Tá 50 dalta ina bhliainghrúpa. Rinne sé an bharrachairt seo a leanas le costais lóistín, taistil agus gníomhaíochtaí a léiriú.



(a) Cá mhéad atá ar lóistín? **£2250**

(b) Cá mhéad sa bhreis atá ar ghníomhaíochtaí ná ar thaisteal? **£250**

(c) Cad é an costas iomlán do 50 dalta? **£4000**

(d) Cén codán den chostas iomlán atá ar ghníomhaíochtaí? **¼**

(e) Cén céatadán den chostas iomlán atá ar ghníomhaíochtaí? **25%**

(f) Cad é an costas in aghaidh an dalta? **£80**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 2

D'fhiosraigh Risteard turas scoile dá bhliainghrúpa ina bhfuil 50 mac léinn.Is é £10,000 costas iomlán an turais scoile.

Léirigh sé na torthaí ar phíchairt.



(a) Cén céatadán den chostas iomlán a chaithfear ar lóistín? **50%**

(b) Cá mhéad a bheidh ar lóistín? **£5000**

(c) Cén céatadán den chostas iomlán a chaithfear ar thaisteal? **25%**

(d) Cá mhéad a bheidh ar thaisteal? **£2500**

(e) Ríomh an costas in aghaidh an duine. **£200**

Ceist 3

Ba mhaith le Rút dul ar thuras scoile. Tá £250 ar an turas. D'íoc sí éarlais £25 lena háit ar an turas a chur in áirithe.

(a) Cá mhéad eile atá le híoc aici? **£225**

(b) Má tá uirthi íoc as an chuid eile de chostas an turais in 10 ngála mhíosúla, ríomh an méid a bheidh uirthi a íoc gach mí? **£22.50**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 4

Ba mhaith le hÁine dul ar thuras scoile.Tá £500 ar an turas. D'íoc sí éarlais 10 faoin chéad lena háit ar an turas a chur in áirithe.

(a) Cá mhéad a d'íoc sí ar an éarlais? **£50**

(b) Cá mhéad eile atá le híoc aici? **£450**

(c) Cén céatadán é seo den chostas iomlán? **90%**

(d) Má tá post páirtaimseartha aici agus más féidir léi £50 a choigilt gach mí, cá mhéad mí a ghlacfaidh sí chun íoc as an turas? **naoi mí**

(e) Is fearr le daoine áirithe íoc as cuairteanna scoile trí ghálaí míosúla. Cad chuige? **Tá sé níos fusa buiséad a dhéanamh dó**

Ceist 5

Tá Bean Mhic Daibhéid ag eagrú turais go dtí Caisleán Nua. Tá £100 ar lóistín agus thaisteal agus fuair sí amach gurb iad seo a leanas na costais eile in aghaidh an duine.

Bia	£6 an lá
Spóirt	£4.25 an lá
Snámh	£2 an lá

Ceithre lá a mhairfidh an turas go dtí Caisleán Nua. Ríomh costas iomlán an turais mar sin. **£100 + £24 + £17 + £8 = £149**

Ceist 6

Tá £160 ar lóistín agus thaisteal do thuras oideachasúil allamuigh.

Beidh na daoine óga ag an ionad ar feadh dhá lá agus roghnóidh siad dhá ghníomhaíocht gach lá.

Gníomhaíocht an lá	**£**
Snámh	5
Leadóg	6
Spóirt uisce	9

Comhlánaigh an tábla seo a leanas ar na teaglamaí éagsúla.

Snámh	**Leadóg**	**Spóirt uisce**	**Iomlán**
£5	**£6**		**£11**
£5		**£9**	**£14**
	£6	**£9**	**£15**

Má íoc Séamas £186 don turas, cé na gníomhaíochtaí a roghnaigh sé? **Snámh agus leadóg agus leadóg agus spóirt uisce**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Turais Scoile, Déan Mata – Dath Óir 3

Ceist 1

D'fhiosraigh an tUasal Ó Cinnéide turas scoile dá bhliainghrúpa. Tá 200 dalta ina bhliainghrúpa. Rinne sé an bharrachairt seo a leanas le costais lóistín, taistil agus gníomhaíochtaí a léiriú.



(a) Cá mhéad sa bhreis atá ar lóistín ná ar thaisteal? **£3500**

(b) Cá mhéad sa bhreis atá ar thaisteal ná ar ghníomhaíochtaí? **£750**

(c) Cad é an costas iomlán don 200 dalta? **£12,500**

(d) Cén codán den chostas iomlán atá ar ghníomhaíochtaí? **$^1/_5$**

(e) Cén céatadán den chostas iomlán atá ar ghníomhaíochtaí? **20%**

(f) Cad é an costas in aghaidh an dalta? **£62.50**

(g) Cá mhéad is cóir don Uasal Ó Cinnéide a ghearradh más maith leis an méid a shlánú go dtí an £5 is cóngaraí? **£65**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 2

D'fhiosraigh Seosamh turas scoile dá bhliainghrúpa ina bhfuil 80 mac léinn.Beidh £24,000 san iomlán ar an turas scoile.

Léirigh sé na torthaí ar phíchairt.



(a) Cén céatadán den chostas iomlán a chaithfear ar lóistín? **50%**

(b) Cén céatadán den chostas iomlán a chaithfear ar thaisteal? **12.5%**

(c) Cén céatadán den chostas iomlán a chaithfear ar ghníomhaíochtaí? **37.5%**

(d) Cá mhéad a chaithfear ar lóistín? **£12,000**

(e) Cá mhéad a chaithfear ar thaisteal? **£3000**

(f) Cá mhéad a chaithfear ar ghníomhaíochtaí? **£9000**

(g) Cad é an costas in aghaidh an dalta? **£300**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 3

Ba mhaith le Niamh dul ar thuras scoile.Tá £450 ar an turas. D'íoc sí éarlais 20 faoin chéad lena háit ar an turas a chur in áirithe.

(a) Cá mhéad a d'íoc sí ar an éarlais? **£90**

(b) Cá mhéad eile atá le híoc aici? **£360**

(c) Má tá uirthi íoc as an chuid eile de chostas an turais i gcúig ghála mhíosúla, ríomh an méid a bheidh uirthi a íoc gach mí. **£72**

(d) Is fearr le daoine áirithe billí a íoc i ngálaí míosúla. Cad chuige? **Tá sé níos fusa buiséad a dhéanamh dó agus is féidirnach mbeadh £360 ag daoine áirithe**

Ceist 4

Ba mhaith le Clár dul ar thuras scoile.Tá £240 ar an turas. D'íoc sí éarlais 12.5 faoin chéad.

(a) Cá mhéad a d'íoc sí ar an éarlais? **£30**

(b) Cá mhéad eile atá le híoc aici? **£210**

(c) Cá fhad a ghlacfaidh Clár coigilt don turas má tá sí in ann £20 a íoc gach mí? **11 mhí**

Ceist 5

Tá Bean Mhic Róibín ag eagrú turais go dtí Inis Ceithleann. Tá £60 an duine ar lóistín agus thaisteal agus chomh maith leis sin, fuair sí an t-eolas seo a leanas.

Bia	£7 an lá
Spóirt	£3.75 an lá
Snámh	£2.25 an lá
Dioscó	£2.50 an duine

Ceithre lá a mhairfidh an turas go dtí Inis Ceithleann, mar sin ríomh:

(a) an méid a chaithfidh gach duine faoi leith a íoc **£60 + £28 + £15 + £9 + £2.50 = £114.50**

(b) an costas iomlán don 50 dalta **£114.50 x 50 = £5725**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 6

D'eagraigh Iníon Uí Néill turas scoile, ach níor chuir an tionscnóir turais CBL leis na costais.

Costas	**£**
Lóistín	2400
Taisteal	1200
Spóirt uisce	800
Rothaíocht Chuaid	1600
Iomlán roimh CBL	**6000**
CBL @ 17.5%	**1050**
Praghas a ghearrtar ar ghrúpa	**7050**
Líon sa ghrúpa	30
Costas in aghaidh an duine	**235**

Úsáid é seo leis an CBL a ríomh.

10%	**600**
5%	**300**
2½%	**150**
17½%	**1050**

Comhlánaigh an tábla thuas.

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Cré-umha 4

Ceist 1

Tá Liam, Ruairí agus Moncha ag coigilt airgid le bainc éagsúla.
Comhlánaigh an tábla agus freagair na ceisteanna thíos.

	Airgead coigilte ag tús bliana	**Ús bliantúil a gnóthaíodh**	**Airgead ag deireadh bliana**
Liam	£200	£10	**£210**
Ruairí	£100	**£6**	£106
Moncha	£400	**£8.50**	£408.50

(a) Cén duine ag a bhfuil an méid is mó airgead coigilte? **Moncha**

(b) Cén duine ag a bhfuil an méid is lú airgead coigilte? **Ruairí**

(c) (i) bair go raibh £200 coigilte ag Ruairí. Cá mhéad airgid a bheadh aige ag deireadh na bliana? **£212**

(ii) An mó nó an lú é seo ná airgead Liam? **Níos mó**

(iii) Cé acu, Liam nó Ruairí, a ghnóthaíonn an ráta úis is fearr? **Ruairí**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Cré-umha 5

Ceist 1

Fuair an tUasal De Brún iasacht ón bhanc le híoc as carr nua dar costas £7000. Íocann sé £200 ar an iasacht gach mí ar feadh ceithre bliana.

(a) Cá mhéad a íocann sé gach bliain?	£200 x 12 = **£2400**
(b) Cad é an méid iomlán a bheidh íoctha aige ag deireadh na gceithre bliana?	4 x **£2400** = **£9600**
(c) Bhí air níos mó ná £7000 a íoc ar ais. Cén fáth?	**Bhí air ús a íoc ar an iasacht.**

Ceist 2

Shocraigh Labhaoise go n-íocfadh sí an t-árachas cairr tríd an bhanc. Is é £360 an táille bhliantúil.

(a) Cá mhéad a íocfaidh sí gach mí?	£360 ÷ **12** = **£30**
(b) Luaigh fáth a ndéanfadh Labhaoise é seo.	**Roinntear an costas thar bhliain iomlán agus isféidir go gcuideoidh sé lena buiséad pearsanta.Seans nach bhfuil £360 aici le híoc sa chéad áit.**

Ceist 3

Íocann Donncha an t-árachas cairr tríd an bhanc. Tá costas £35 air seo gach mí.

(a) Cad é an phréimh árachais bhliantúil?	£35 x **12** = **£420**
(b) Dá n-íocfadh Donncha an costas ina iomláine bheadh £400 air. Cá mhéad sa bhreis a íocann sé i mbliain trína íoc go míosúil? An dóigh leat gur margadh maith é seo?	**£20 de bhreis. Pléigh an fiú é an méidbreise seo a íoc leis an chostas a roinntthar an bhliain.**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Cré-umha 6

Ceist 1

Chuaigh Dáithí ar thuras scoile chun na Fraince agus ba é £1 = €1.50 an ráta malairte. Chun cuidiú le Dáithí na praghsanna a dhéanamh amach, thug an scoil an ré-áiritheoir seo a leanas dó.

euro	Puint
3	2
6	4
15	10
30	20
75	50
150	100

(a) Mhalartaigh Dáithí £200 ina euro sa bhanc.
Cá mhéad euro a bhí aige le caitheamh? **300 euro**

(b) Cheannaigh Dáithí buidéal sú ar 3 euro.
Cá mhéad é seo ina bpuint? **£2**

(c) Bhí 9 euro ar bhéile. Cá mhéad é seo ina bpuint? **£6**

(d) Ba mhaith leis péire bróg traenála a cheannach ar 60 euro. Cá mhéad é seo ina bpuint? **£40**

(e) Má thug sé 30 euro abhaile leis, cá mhéad é seo ina bpuint? **£20**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Airgid 4

Ceist 1

Tá Taidhgín, Seán agus Máirtín ag coigilt airgid le bainc éagsúla.
Déan staidéar ar an tábla agus freagair na ceisteanna thíos.

	Airgead coigilte ag tús bliana	**Ráta úis bhliantúil**	**Airgead ag deireadh bliana**
Taidhgín	£300	3%	£309
Seán	£200	4%	£208
Máirtín	£500	2%	£510

(a) Cén duine acu a ghnóthaigh an t-ús is mó? **Máirtín**

(b) Cé duine acu a fuair an margadh is fearr ón bhanc? **Seán**

(c) Abair gur infheistigh Seán £400. Cá mhéad airgid a bheadh aige ag deireadh na bliana? **£416**

(d) Abair gur chuir Máirtín a chuid airgid sa bhanc chéanna le Seán. Cad é an t-ús a bheadh aige? **£20**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Airgid 5

Ceist 1

Le híoc as carr nua, fuair Muireann iasacht £9500 ón bhanc thar 3 bliana.
Íocann sí £300 ar an iasacht gach mí.

(a) Cá mhéad a bheidh íoctha aici i ndiaidh na 3 bliana? **£10,800**

(b) Cad é an t-ús a bheidh íoctha aici thar na 3 bliana? **£1300**

(c) Cén fáth a gcaithfidh sí ús a íoc? **Seo an costas ar airgead a fháil ar iasacht.**

Ceist 2

Shocraigh Labhrás go n-íocfadh sé an t-árachas cairr tríd an bhanc. Is é £450 an táille bhliantúil.

(a) Cá mhéad a bheidh le híoc aige gach mí? **£37.50**

(b) Luaigh fáth a ndéanfadh Labhrás é seo. **Freagairt an dalta**

Ceist 3

Íocann Dónall a árachas cairr tríd an bhanc. Tá £32.50 air seo gach mí.

(a) Cad é an phréimh árachais bhliantúil? **£390**

(b) Dá n-íocfadh Donncha an costas ina iomláine bheadh £360 air. Cá mhéad sa bhreis a íocann sé i mbliain trína íoc go míosúil? An dóigh leat gur margadh maith é seo? **£30 de bhreis. Pléigh an fiú éan méid seo a íoc leis an chostasa roinnt thar an bhliain.**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Airgid 6

Ceist 1

Chuaigh Síle ar thuras scoile chun na Fraince agus ba é £1 = €1.50 an ráta malairte. Chun cuidiú le Síle na praghsanna a dhéanamh amach, mhol an scoil di an ré-áiritheoir seo a chomhlánú.

euro	Puint
3	**2**
6	**4**
15	**10**
30	**20**
75	**50**
150	**100**

(a) Mhalartaigh Síle £240 ina euro sa bhanc. Cá mhéad euro a bhí aici le caitheamh? **360 euro**

(b) Cheannaigh Síle uachtar reoite ar 4.5 euro. Cá mhéad é seo ina bpuint? **£3**

(c) Bhí 21 euro ar bhéile. Cá mhéad é seo ina bpuint? **£14**

(d) Ba mhaith léi spéaclaí gréine a cheannach ar 60 euro. Cá mhéad é seo ina bpuint? **£34**

(e) Má thug sí 36 euro abhaile léi, cá mhéad punt a gheobhadh sí i mbanc air seo? **£24**

(f) Ní dheachaigh Síle caol díreach chuig an bhanc ar theacht abhaile di. Nuair a chuaigh sí ann ba é £1 = €1.60 an ráta malairte nua. Cá mhéad punt a gheobhadh sí ansin ar na 36 euro? **£22.50**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Óir 4

Ceist 1

Tá Caral, Treasa agus Caitríona ag coigilt airgid le bainc éagsúla.
Comhlánaigh an tábla agus freagair na ceisteanna thíos.

	Airgead coigilte ag tús bliana	Ráta úis bhliantúil	Airgead ag deireadh bliana
Caral	£300	3%	**£309**
Treasa	£200	4%	**£208**
Caitríona	£400	2%	**£408**

(a) Cé acu duine a fuair an t-ús is mó? **Caral**

(b) Cé acu duine a fuair an margadh is fearr ón bhanc? **Treasa**

(c) Abair gur infheistigh Treasa £300. Cá mhéad airgid a bheadh aici ag deireadh na bliana? **£312**

(d) Abair gur chuir Caral a cuid airgid sa bhanc chéanna le Treasa. Cá mhéad airgid sa bhreis a bheadh aici ansin? **£8**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Óir 5

Ceist 1

Cheannaigh Séimí cistin nua ar £12,500. D'íoc sé éarlais 20 faoin chéad ar dtús agus fuair sé an chuid eile ar iasacht ón bhanc thar cúig bliana. Íocann sé £200 ar ais gach mí.

(a) Cén éarlais a chuir sé síos? **£2500**

(b) Cá mhéad a íocfaidh sé leis an bhanc thar na cúig bliana? £200 x 12 x 5 = **£12,000**

(c) Cén t-ús a íocfaidh sé thar na cúig bliana? **£12,000 – £10,000 = 2,000**

(d) Cad é costas iomlán na cistine? **£14,500**

(e) An síleann tú gur dóigh mhaith í seo le híoc as cistin? **Tá ús £2000 measartha ard, achmairfidh an chistin go ceann l bhfad agus is dócha nach raibhan dara rogha aige ach an costasa roinnt thar cúig bliana.**

Ceist 2
Shocraigh Bearnairdín go n-íocfadh sí an t-árachas cairr tríd an bhanc. Ba é £525 an táille bhliantúil.

Cá mhéad a bheadh le híoc aici gach mí? **£43.75**

Ceist 3
D'íoc Aindriú an t-árachas cairr tríd an bhanc. Bhí £44.25 air seo gach mí.

Cad é an phréimh árachais bhliantúil? **£531**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Bainc, Déan Mata – Dath Óir 6

Ceist 1

Chuaigh Dónall ar thuras scoile chun na Fraince agus ba é £1 = €1.40 an ráta malairte. Comhlánaigh an ré-áiritheoir seo thíos.

Puint	euro
1	1.4
2	**2.8**
5	**7**
10	**14**
20	**28**
50	**70**

(a) Mhalartaigh Dónall £225 ina euro sa bhanc. Cá mhéad euro a bhí aige le caitheamh?

£315 euro

(b) Cheannaigh sé uachtar reoite ar 3.5 euro. Cá mhéad é seo ina bpuint?

£2.50

(c) Bhí 21 euro ar bhéile. Cá mhéad é seo ina bpuint?

£15

(d) Ba mhaith leis léine spóirt a cheannach ar 77 euro. Cá mhéad é seo ina bpuint?

£55

(e) Má thug sé 49 euro abhaile leis, cá mhéad punt a gheobhadh sé air seo?

£35

(f) Má ghearr an banc coimisiún 1% ar bhearta airgeadra eachtraigh, cad é an táille iomlán a bhíar Dhónall a íoc?

1% de £225 = £2.25

Is ionann €49 agus £35

1% de £35 = £0.35

coimisiún iomlán:
£2.25 + £0.35 = £2.60

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Ríomhairí, Déan Mata – Roinn A

Ceist 1

D'iarr Seoighe ort scarbhileog a ullmhú le cuidiú léi buiséad a choinneáil.

(a) Lódáil scarbhileog '**Luaigh Ríomhairí Roinn A xls**' agus cuir an fhaisnéis seo isteach sa leathanach oibre Luaigh Ríomhairí A1. Sa chás ina bhfuil na cealla scáthaithe, ní mór duit ceachtar acu sonraí nó foirmlí a chur isteach.

Saothraíonn Seoighe £700 gach mí. Bíonn na billí seo a leanas le híoc gach mí aici:

Gás	£25
Leictreachas	£15
Bia	£240
Siamsaíocht	£80
Táillí Bus	£35
Cíos	£200

Seo thíos an fhoirmle atá le cur isteach.

C11 = B5 + B6 + B7 + B8 + B9 + B10
nó
C11 = SUIM(B5:B10)

C13 = C3 – C11

(b) Cá mhéad airgid a bhíonn aici ag deireadh na míosa? **£105**

(c) Cé acu costas thuas, dar leat, ar féidir le Seoighe é a rialú? **Is féidir na costais uile a rialúsan fhadtéarma, ach seans nach mbeidh sí ábalta an cíosná táillí bus a rialú sa ghearrthéarma.**

(d) Abair go n-ardaítear cíos Sheoighe go dtí £250 sa mhí. Cá mhéad airgid is féidir léia choigilt ansin? **£55**

(e) Léirigh ar phíchairt an méid airgid a chaitheann Seoighe ar gach bille. **An réiteach á chur isteach i scarbhileog.**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 2

D'iarr Pól ort scarbhileog a ullmhú le cuidiú leis buiséad a choinneáil.

(a) Lódáil scarbhileog '**Luaigh Ríomhairí Roinn A xls**', leathanach oibre Luaigh Ríomhairí A2 agus cuir an fhaisnéis seo isteach.

Saothraíonn Pól £650 gach mí. Bíonn na billí seo a leanas le híoc gach mí aige.

Gás	£20
Leictreachas	£25
Bia	£280
Siamsaíocht	£40
Fón póca	£15
Táillí Bus	£25
Cíos	£160

(b) Cá mhéad airgid a chaith sé sa mhí? **£565**

(c) Cá mhéad airgid a bhíonn aige ag deireadh na míosa? **£85**

(d) Cé acu costas thuas nach bhfuil á rialú ag Pól? **Táillí bus agus cíos sa ghearrthéarma.**

(e) Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach buiséad a ullmhú? **Bíonn sprioc i gceist le buiséad, ina chuidiúpleanáil don am atá le teacht maidir lecoigilteas & caiteachas agus is féidircomparáid a dhéanamh idir fíorchoigilteasagus fíorchaiteachas agus coigilteas aguscaiteachas an bhuiséid**

(f) Abair go mbogann Pól go dtí árasán nua dar costas £195 sa mhí. Cá mhéad airgid is féidir leis a choigilt ansin? **£50**

(g) Léirigh ar phíchairt an méid airgid a chaitheann Pól ar gach bille. **Léirithe ar scarbhileog**

Freagraí faoi chló trom

Ceist 3

D'iarr Críostóir ort scarbhileog a ullmhú le cuidiú leis buiséad a choinneáil.

(a) Ní mór duit scarbhileog '**Luaigh Ríomhairí Roinn A xls**', leathanach oibre Luaigh Ríomhairí A3 a úsáid leis an cheacht seo a dhéanamh.Saothraíonn Críostóir £690 gach mí. Bíonn na billí seo a leanas le híoc gach mí aige.

Bia	£180
Siamsaíocht	£100
Táillí Bus	£35
Cíos	£240
Fón póca	£40
Leictreachas	£10
Gás	£10

(b) Cá mhéad airgid atá beartaithe aige a chaitheamh gach mí? **£620**

(c) Cá mhéad airgid a bhíonn aige ag deireadh na míosa? **£70**

(d) Ba mhaith leis córas nua ceoil a cheannach ar £350? Cá mhéad mí a bheadh air a chuid airgida choigilt lena cheannach? **5 mhí**

(e) Abair go n-ardaítear an cíos go dtí £300. Cá mhéad airgid a bheadh aige ag deireadh gach míosa ansin? **£10**

(f) Léirigh ar bharraghraf an méid airgid a chaitear ar gach rud thuas.



Freagraí faoi chló trom

Tascanna breise ar an idirlíon

Ceist 4

De réir luachanna an lae inniu, cá mhéad is fiú £100 in:

(a) Dollair na Stát Aontaithe **Freagairt an dalta**

(b) Euro **Freagairt an dalta**

(c) Liranna na Tuirce **Freagairt an dalta**

Ceist 5

(a) Cá mhéad a bheadh ar eitilt fhillte ó Bhéal Feirste go Londain, ag imeacht dhá sheachtain ón lá inniu? Ba mhaith leat Béal Feirste a fhágáil i dtrátha 8 a.m. agus teacht ar ais i dtrátha 6 p.m. **Freagairt an dalta**

(b) An síleann tú gur margadh maith é seo? **Freagairt an dalta**

(c) Cad iad na roghanna eile seachas dul ar eitleán? **Traein/carr/bus**

(d) Faigh amach faoi chostais eile le taisteal ó Bhéal Feirste go Londain. **Freagairt an dalta**

Freagraí faoi chló trom

Luaigh Ríomhairí, Déan Mata– Roinn B

Ceist 1

(a) Iarradh ort taifid a choinneáil agus brabúis a ríomh do shiopa beag na scoile. Le cuidiú leat é seo a dhéanamh, tá an scarbhileog '**Luaigh Ríomhairí Roinn B xls**', leathanach oibre Luaigh Ríomhairí B1 agat. Cuirtear sonraí agus foirmlí isteach sna cealla scáthaithe.

I gcéad seachtain an téarma nua cheannaigh tú:

- 10 kg úll ar 85p an kg
- 8 kg oráistí ar 60p an kg
- 6 kg piorraí ar 75p an kg

Thug an siopa £20 isteach an tseachtain sin.

Caithfidh tú scarbhileog a úsáid leis an bhrabús a ríomh don tseachtain. **Brabús = £2.20**

Caithfidh tú na foirmlí a chur isteach i gcealla ar an dóigh seo a leanas.

D5 = B5 * C5
D6 = B6 * C6 ***Tig leat an tsaoráid líon síos a úsáid anseo***
D7 = B7 * C7
D8 = D5 + D6 nóD7 = SUM(D5:D7)
B15 = D8
B16 = B14 – B15

(b) Abair gur thug an siopa £18 isteach an tseachtain sin. Cén brabús a bheadh ann ansin? **20p**

(c) Léirigh ar bharraghraf an costas iomlán a bhí ar gach ceann de na torthaí. **Réiteach á chur isteach i scarbhileog.**

Freagraí faoi chló trom

(d) Léirigh an fhaisnéis seo ar phíchairt.



(e) Abair go raibh 90p an kg ar phiorraí agus gur thug an siopa £20 isteach. Cén brabús a bheadh ann ansin? **£1.30**

Ceist 2

(a) Caithfidh tú an scarbhileog '**Luaigh Ríomhairí Roinn B xls**', leathanach oibre Luaigh Ríomhairí B2 a úsáid leis an bhrabús do sheachtain 5 a ríomh. Tabhair faoi deara gur praghsanna agus cainníochtaí nua atá ann.

Is iad seo a leanas na rudaí a ceannaíodh:

- 12 úll ar 80p an kg
- 8 kg oráistí ar 75p an kg
- 10 kg piorraí ar 70p an kg.

Thug an siopa £25 isteach do sheachtain 5. **Brabús = £2.40**

(b) Cad iad na buntáistí as scarbhileoga a úsáid?

- **Ríomhaireachtaí níos fusa**
- **Is féidir nuashonruithe a shábháil**
- **Níos fusa eagarthóireacht a dhéanamh**

(c) Cad chuige, dar leat, ar athraíodh na praghsanna?

Am eile sa bhliain nach séasúr na dtorthaí é.

(d) Cad é a imreoidh tionchar ar mhéid na dtorthaí a dhíoltar?

- **An praghas**
- **An aimsir**
- **Caighdeán na dtorthaí**
- **Cad é eile atá ar fáil?**

(e) Léirigh an costas iomlán atá ar gach earra ag baint úsáide as:

Freagraí faoi chló trom

i. Barrachairt



ii. Píchairt



Freagraí faoi chló trom

Ceist 3

Le hairgead a bhailiú, d'eagraigh tú féin agus cairde leat stalla ag ócáid tiomsaithe airgid na scoile. Úsáid an scarbhileog '**Luaigh Ríomhairí Roinn B xls**', leathanach oibre Luaigh Ríomhairí B3, le bhur dtaifid agus ríomhaireachtaí a léiriú.

Thug sibh £85 isteach.Cheannaigh sibh:

- Dhá bhosca de bharraí seacláide ar £7.50 an bosca
- 3 bhosca de ghumaí torthaí ar £5.25 an bosca
- Ceithre bhosca de chóla ar £6.50 an bosca
- Cúig bhosca de shú oráiste ar £4.50 an bosca

(a) Cad é costas iomlán na n-earraí a cheannaigh sibh? **£79.25**

(b) Cén brabús a rinne sibh? **£5.75**

(c) Léirigh costas iomlán na n-earraí a cheannaigh sibh ar bharraghraf.



(d) Léirigh an fhaisnéis seo ar phíchairt.



(e) Ag deireadh na hócáide bhí 10 mbarra seacláide fágtha. Cad é a d'fhéadfadh sibh a dhéanamh lena chinntiú go **An praghas a laghdú.**

Freagraí faoi chló trom

Tascanna breise ar an idirlíon

Ceist 4

(a) Faigh an t-ainm atá ar cheithre óstán i mBaile Átha Cliath. **Freagairt an dalta**

(b) Cén costas a ghearrann gach ceann acu ar an lóistín d'oíche amháin? **Freagairt an dalta**

(c) Cén ceann acu a stopfá féin ann? Cad chuige? **Freagairt an dalta**

Ceist 5

(a) Cá fhad atá sé ó Inis Ceithleann go Lios na gCearrbhach? **Freagairt an dalta**

(b) Cá fhad a ghlacfadh sé an turas seo a dhéanamh i gcarr? **Freagairt an dalta**

(c) Cad é an costas a bheadh ar pheitreal don turas seo? **Freagairt an dalta**

(d) Cad iad na fadhbanna a bhaineann leis an fhaisnéis seo? **Bheadh éifeacht ag aois an chairr agus ag dálaí aimsire ar an fhreagra seo.**

Ceist 6

Liostaigh chúig shuíomh gréasáin is féidir a úsáid le hairgead a shábháil nuair a bhíonn tú ag ceannach earraí nó seirbhísí. **Freagairt an dalta**

Freagraí faoi chló trom

Tascanna breise

(a) Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach buiséad a ullmhú?

Bíonn sprioc i gceist le buiséad, ina chuidiú pleanáil don am atá le teacht maidir le coigilteas &caiteachas agus is féidir comparáid a dhéanamh idir fíorchoigilteas agus fíorchaiteachas agus coigilteas aguscaiteachas an bhuiséid

(b) Pléigh suímh ghréasáin chuí mar a bhfuil praghsanna earraí nó seirbhísí do dhaoine óga níos saoire ná praghsanna gnáthshiopaí.

Freagairt an dalta

(c) Pléigh suímh ghréasáin chuí mar a bhfuil praghsanna earraí nó seirbhísí do dhaoine óga níos saoire ná praghsanna gnáthshiopaí.

Freagairt an dalta

(d) Pléigh foinsí éagsúla ioncaim.

Freagairt an dalta

(e) Cén dóigh a mbíonn earraí agus seirbhísí á bhfógairt ar an idirlíon?

Freagairt an dalta

(f) Pléigh soláthraithe éagsúla idirlín agus an costas atá orthu.

Freagairt an dalta

(g) An dtugann siad luach maith ar airgead?

Freagairt an dalta